# CIBEARSHLÁINTEACHAS




## *Mo chuid sonraí a chosaint*





UCD School of Education
Scoil an Oideachais UCD


Cyberwise

# RÉAMHRÁ

Is féidir le cuideachtaí idir Amazon, Netflix agus Tiktok sonraí a bhailiú ar gach gníomh a dhéanann úsáideoir ar láithreán gréasáin.

Áirítear leis sin aon rud a chliceálann tú air agus aon fhaisnéis a chuireann tú isteach agus tú ag líonadh foirme.

Is féidir leo fiú amháin eochairfhocail a chuardach i do phróifíl ar líne nó i do ríomhphost, agus, in amanna, rochtain a fháil ar shonraí ó dhaoine i do líonra nó sonraí a úsáid chun faisnéis aitheanta phearsanta úsáideoirí aonair a fháil.

Úsáideann cuideachtaí na sonraí sin chun próifílí a fhorbairt de nósanna, roghanna agus ceannacháin daoine, ar faisnéis luachmhar é do mhargóirí agus a dhéanann go leor airgid dóibh siúd a dhíolann do chuid sonraí.

Ils é seo an costas a chaithfear a íoc as cead isteach a fháil ar shuíomh gréasáin nó ar aip.

Pléimis ábhar na sonraí agus na gaistí a bhaineann leis an iomarca sonraí a roinnt.

Gheobhaimis amach conas dea-nósanna cibearshláinteachais a fhorbairt ionas gur féidir do chuid sonraí a chosaint ó na daoine mícheartal!

*An Scuad Cibearchéillí*



# WALT



- Cad iad na sonraí a bhailítear ar líne agus conas a dhéantar é?
- Cén fáth a bhfuil mo shonraí pearsanta tábhachtach do dhaoine eile?
- Conas cibearshláinteachas maith a choinneáil agus mo chuid sonraí a choinneáil príobháideach.
- Na rialacha maidir leis na rudaí ar chóir cliceáil orthu agus nár chóir cliceáil orthu.
- Ballaí dóiteáin, frithvíreas, fianáin .... cad is brí leo seo ar fad?




# PRÍOMHFHOCLÓIR

## SONRAÍ MÓRA

Déantar cur síos ar Shonraí Móra mar thacair mhóra sonraí a ghintear ó fhoinsí éagsúla a ghlacann a lán ama a phróiseáil agus tú ag úsáid teicnící traidisiúnta.

## RIANÚ

Baineann rianú ar líne go bunúsach le sonraí a bhailiú faoi úsáideoirí agus a gcuid iompar ar líne.

## FIANÁIN

Is comhaid bheaga iad fianáin ríomhaire, lena n-áirítear aitheantóirí uathúla a sheolann freastalaithe gréasáin chuig brabhsálaithe go minic. Is bealach é atá ag suíomh gréasáin chun cuimhneamh ort, ar do chuid sainroghanna, agus ar do nósanna ar líne.

## BALLA DÓITEÁIN

Is gléas slándála líonra é Balla Dóiteáin a dhéanann monatóireacht agus scagadh ar thrácht líonra atá ag teacht isteach agus ag dul amach. Is bacainn é idir líonra inmheánach príobháideach agus an t-idirlíon poiblí.

## FRITHVÍREAS

Is ríomhchlár é an táirge frithvíreas a dearadh chun víris agus cineálacha eile bogearraí mailíseacha a bhrath agus a bhaint as do ríomhaire nó as do ríomhaire glúine.

## BRABHSÁLAÍ

Is clár iarratais é an brabhsálaí a chuireann bealach ar fáil chun breathnú ar an bhfaisnéis go léir ar an nGréasán Domhanda agus idirghníomhú leis. Áirítear leis sin leathanaigh ghréasáin, físeáin agus íomhánna.

## FREASTALAÍ GRÉASÁIN

Is ríomhaire é an freastalaí gréasáin a ritheann láithreáin ghréasáin. Is ríomhchlár é a chuireann leathanaigh ghréasáin ar fáil de réir mar a iarrtar iad.

# FAISNÉIS PHEARSANTA = SONRAÍ

*Baineann Faisnéis Phearsanta nó sonraí le haon fhaisnéis is féidir a úsáid le tú a aithint.*




Ainm
Seoladh
Uimhir Theileafóin
Scoil
Dáta breithe
An áit a n-oibríonn do thuismitheoirí
Inscne
Sainroghanna
Seoladh ríomhphoist
Clibeanna meáin shóisialta

*Is féidir le cuideachtaí an fhaisnéis phearsanta sin a úsáid go dlíthiúil chun airgead a dhéanamh, i gcleachtas ar a dtugtar luach airgid a chur ar shonraí.*




***Nuair a chliceálaimid agus nuair a ghlacaimid leis na fógraí, táimid ag tabhairt cead dóibh é sin a dhéanamh.***

# TASC 1

**Agus sibh ag baint úsáid as an teimpléad mata boird, i ngrúpaí de cheathrar scríobhaigí bhur gcuid smaointe ar an ábhar seo a leanas:**

***Conas a bhailíonn agus a úsáideann cuideachtaí sonraí fút?***

Is féidir le ball amháin den ghrúpa na tuairimí coitianta a roinnt leis an rang.




# TASC 2

**Má bhíonn tú ar na meáin shóisialta agus ag brabhsáil ar líne go rialta is cinnte go bhfuil go leor sonraí bailithe cheana féin fút ag na hollchomhlachtaí teicneolaíochta**

Déanaigí grúpaí beaga

Ba cheart do gach grúpa 10 bpíosa ar leith faisnéise atá ag na cuideachtaí seo a leanas faoina n-úsáideoirí a phlé agus liosta a dhéanamh dóibh ansin.

**FACEBOOK**

**AMAZON**

**GOOGLE**

**INSTAGRAM**

**TIKTOK**

# DO CHUID FAISNÉISE A DHÍOL LE HAGHAIDH BRABÚIS




***Féach ar an bhfíseán seo suas go dtí 5.36***
(***Féach ceisteanna an mhúinteora***)

Video 1:
Selling your information for profit




**Discussion questions**

- Why are advertisers interested in data points?
- What data is publicly available to all?
- How do you feel about companies selling your information from on loyalty cards, which they have gathered about your buying habits?
- Discuss '*Retail companies are now realising that trading the information on your purchasing choices, is more valuable than the actual product or service they are selling to the customer'.*
- How is this a legal practice?

# RIANÚ: CAD É GO DÍREACH ATÁ I GCEIST?



Bailíonn Rianú ar Líne sonraí faoi úsáideoirí agus a gcuid iompar ar líne trí na bealaí seo a leanas...




Fianáin

Méarlorgaireacht Bhrabhsála

Seoladh Prótacal Idirlín (IP)

Atreoróirí Prótacal Aistrithe Hipirtéacs

Picteilíní Rianaithe

Gníomhairí Úsáideora

# GACH EOLAS FAOI FHIANÁIN

Is téacschomhaid iad fianáin a bhfuil píosaí beaga sonraí iontu – amhail ainm úsáideora agus pasfhocal – a úsáidtear chun do ríomhaire a aithint agus líonra ríomhaire á úsáid agat.

Gach uair a théann an t-úsáideoir ar ais chuig an suíomh gréasáin céanna, aisghabhann agus seolann an brabhsálaí an comhad sin chuig freastalaí an láithreáin ghréasáin.

Is féidir fianáin atá stóráilte ar mo ríomhaire a bhainistiú trí shocruithe príobháideachais éagsúla a roghnú nó is féidir fianáin a dhíchumasú.




Cad é a tharlaíonn mura nglacann tú le fianáin? - Is í an fhadhb a d'fhéadfadh a bheith ann má dhiúltaíonn tú glacadh le fianáin go bhféadfadh nach ligfeadh úinéirí láithreáin ghréasáin duit a láithreáin a úsáid mura nglacann tú leis na fianáin. Míbhuntáiste eile is ea nach mbeidh eispéireas iomlán an úsáideora agat ar láithreáin ghréasáin áirithe mura nglacann tú leo.

Ligeann fianáin don suíomh súil a choinneáil ar na míreanna go léir a chuireann tú i do chairt agus tú ag brabhsáil.
Má tá fianáin díchumasaithe agat ar do bhrabhsálaí agus tú ag siopadóireacht ar líne, gach uair a chliceálfaidh tú nasc nua, imeoidh na míreanna i do chairt siopadóireachta!

Cliceáil ar an X chun léamh faoi 5 huaire NÁR chóir glacadh le fianáin



Is é atá i gceist le fianán tríú páirtí fianán a chuireann suíomh gréasáin ar chruadhiosca úsáideora ó fhearann seachas an ceann a bhfuil úsáideoir ag tabhairt cuairte air. Is minic a bhíonn fadhbanna príobháideachais i gceist leo, d'fhéadfadh siad a bheith ag sárú an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus rialacháin phríobháideachais eile.

# TUILLEADH FIANÁIN...

Is é atá i gceist le beartas fianán liosta de na fianáin agus na rianairí go léir atá in úsáid ar shuíomh gréasáin, a chuirtear ar fáil do chuairteoirí mar chuid de bheartas príobháideachais níos leithne an láithreáin ghréasáin.




# Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Is é an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) an dlí príobháideachais agus slándála is láidre ar domhan. Cé gur dhréachtaigh agus gur rith an tAontas Eorpach (AE) é, cuireann sé oibleagáidí ar eagraíochtaí in aon áit, fad is a dhíríonn siad nó a bhailíonn siad sonraí a bhaineann le daoine san Aontas. Gearrfaidh RGCS fíneálacha géara orthu siúd a sháraíonn a chaighdeáin phríobháideachais agus slándála, pionóis chomh hard le deich milliún euro.

https://gdpr.eu/what-is-gdpr/




Bíonn suíomhanna gréasáin neamhshlán leochaileach do chibearbhagairt, lena n-áirítear bogearraí mailíseacha agus cibirionsaithe. Seiceáil an bhfuil suíomh gréasáin slán trí litir amháin a chuardach: "s." Tosaíonn gach seoladh láithreán gréasáin leis na litreacha "http," ach beidh a fhios agat go bhfuil suíomh slán má fheiceann tú "https." Ciallaíonn sé sin go bhfuil bearta á ndéanamh ag an suíomh gréasáin féin chun úsáideoirí agus a gcuid faisnéise a choinneáil slán agus iad ag úsáid an tsuímh.

# TASC 3

**Cé acu ceann de na láithreáin ghréasáin seo atá sábháilte agus cé acu ba chóir a sheachaint?**

**A** SEARCH http://www.ilovestrangerthings.ie

**B** SEARCH https://www.ict4school.com

**C** http://www.news-today.org

**D** https://www.news2day.ie

# TUILLEADH COSANTA

## BALLA DÓITEÁIN

Is gléas slándála líonra é **balla dóiteáin** a dhéanann monatóireacht agus scagadh ar thrácht líonra atá ag teacht isteach agus ag dul amach. Is bacainn é idir líonra inmheánach príobháideach agus an t-idirlíon poiblí.

## FRITHVÍREAS

Is ríomhchlár é **an táirge frithvíreas** a dearadh chun víris agus cineálacha eile bogearraí mailíseacha a bhrath agus a bhaint ó do ríomhaire nó ó do ríomhaire glúine. Feidhmíonn ríomhchláir frithvíreas chun víris a scanadh, a bhrath agus a bhaint ó do ríomhaire.

**Cad é eile is féidir liom a úsáid chun mo chuid príobháideachas a chosaint?**




## Líonra Príobháideach Fíorúil (VPN)

Seasann VPN do **líonra príobháideach fíorúil.** Cosnaíonn VPN d'aitheantas fiú má tá Wi-Fi poiblí nó comhroinnte á úsáid agat, agus coinneofar do chuid sonraí príobháideach ó aon súile fiosracha ar an idirlíon.

## CÓIP CHÚLTACA A DHÉANAMH

Baineann sé seo le cóip a dhéanamh de do chuid faisnéise a choinnítear ar do ríomhaire agus a stóráiltear ar leithligh ón ríomhaire, **i.e sa néal nó ar thiomántán crua seachtrach.**

# Leideanna chun do chuid sonraí agus do phríobháideacht a chosaint




- Cinntigh go n-úsáideann tú cosaint pasfhocail agus glasáil scáileáin ar d'fhón cliste agus ar do ríomhairí.
- Déan cinnte go bhfuil bogearraí frithvíreas suiteáilte ar do ríomhaire.
- Ná tabhair cuairt ach ar shuíomhanna gréasáin atá sábháilte. i.e láithreáin ghréasáin le https://. Má tá amhras ort, bain úsáid as seiceálaí nasc amhail scanURL nó phishtank
- Ná glac le fianáin láithreach. Seiceáil cad é leis a bhfuil tú ag aontú.
- Glan na fianáin ó do bhrabhsálaí uair sa mhí.
- Cinntigh go bhfuil do chuntais mheáin shóisialta príobháideach agus roinn níos lú ábhar!
- Ná cliceáil ar naisc ná ná hoscail ceangaltáin ó dhuine nach bhfuil aithne agat air.
- Cinntigh go mbíonn gach gléas uasdátaithe.

# TASC 4

Léigh tríd an liosta gníomhaíochtaí ar líne. Labhair faoi na cinn a rinne tú féin agus an fhaisnéis phearsanta a thug tú ar shiúl dá bharr.



GRADES 6–8: DIGITAL CITIZENSHIP FAMILY ACTIVITY

## Privacy & Security

Digital citizenship: thinking critically and using technology responsibly to learn, create, and participate

PRIVACY & SECURITY

We care about everyone's privacy.

### Instructions

Being careful about sharing personal information is important. Look below at the list of online activities that often lead to personal information being collected, and discuss the activities on the list you've done. Get one or more family members together to help. Read the setup before doing the activity together!

### Setup

**Read aloud**: We can't help but give up some of our information if we're active online, but there are lots of activities that seem fun in the moment or that promise something for free but that collect more information than we'd planned. We can discuss and decide which ones we should avoid in the future.

### Activity

**Read aloud**: Let's read through each activity on the list and talk about the ones we've done and what personal information we might be giving up (for example, our name, phone number, or contact list). Then we'll discuss which ones we should avoid in the future.

| | |
|---|---|
| Taking an online personality quiz | Example: "Take this short quiz to find out which Hogwarts house you'd be sorted into!" |
| Taking online surveys that offer free gifts | Example: "Answer a few questions to get a $25 gift card!" |
| Using social media accounts to sign up for new services or websites | Example: "Enter your email address, or sign up using your Facebook or Google account." |
| Downloading an app that only works if you let it access your contacts and location | Example: the app Tagged - Chill, Chat & Go Live! |
| Clicking an email link from a company (or one that looks like it's from a company) | Example: "Click here to get special offers!" or "Your account has been hacked. Click here to enter your password." |

Which ones should you avoid in the future? Staying as aware as possible of how, when, where, and why you share personal information is a good first step toward protecting your online privacy!

Learn more about how to protect your privacy online at commonsense.org/privacy-tips-for-families!

common sense education

commonsense.org/education
Shareable with attribution for noncommercial use. Remixing is permitted.

# TASC 5



Cyber Hygiene: Protecting my data

1. *Choose a well known website to evaluate.*
2. *Find their privacy policy and then check does it answer the questions below.*

*PSST The footer is the most popular place for websites to put their privacy policy*

**Website name:** ______

1. What data does it collect? ______
2. What data does it share? ______
3. How does it secure its data? ______
4. What rights do I have to the data? ______
5. Is the data sold? ______
6. Are there ads or tracking? ______
7. Give this website a rating out of 10 on how it protects kids data

/10

1. Léigh trí **State of Kids privacy report** ar an gcéad dhá shleamhnán eile.
2. Roghnaigh suíomh gréasáin aitheanta amháin, aimsigh a bpolasaí príobháideachais agus déan taighde ar an gcaoi a gcomhlíonann na láithreáin ghréasáin seo 6 cheann de na critéir mheastóireachta a leagtar amach sa tuarascáil.
3. Líon isteach na torthaí ar an mbileog oibre.

**1.Bailiú Sonraí: Cad iad na sonraí a bhailítear?**

*Cuireann cleachtais fhreagracha bhailithe sonraí teorainn le cineál agus leis an méid faisnéis phearsanta a bhailítear faoi dhaoine ionas nach mbaileofar ach an méid is gá chun an t-iarratas nó an tseirbhís a chur ar fáil.*

**2. Comhroinnt Sonraí: Cad iad na sonraí a roinntear?**

*Cosnaíonn comhroinnt sonraí dea-chleachtais faisnéis phearsanta duine ó roinnt le cuideachtaí agus fógróirí tríú páirtí.*

**3. Slándáil Sonraí: Conas a shlánaítear sonraí?**

*Cosnaíonn dea-chleachtais slándála sonraí ionracas agus rúndacht sonraí duine.*

**4. Cearta Sonraí: Cad iad na cearta atá agam maidir leis na sonraí?**

*Áirítear le cearta sonraí duine an cumas a gcuid faisnéise agus ábhar pearsanta a athbhreithniú, rochtain a fháil orthu, iad a mhionathrú, a scriosadh agus a easpórtáil.*

**5. Smacht Aonair: An féidir liom smacht a bheith agam ar úsáid mo chuid sonraí?**

*Tá sé de cheart ag duine smacht a bheith acu ar shonraí pearsanta a bhailíonn cuideachtaí uathu agus ar an gcaoi a n-úsáidtear a gcuid faisnéise.*

**Ina dtuarascáil 'State of Kids privacy report' (2021), rinne Common Sense Media meastóireachtaí príobháideachais ar 200 de na haipeanna agus de na suíomhanna gréasáin is mó éilimh, arna rochtain ag leanaí faoi 13 bliana d'aois. D'úsáid siad na 10 gceist seo chun a mheas an raibh aip nó suíomh gréasáin trédhearcach maidir leis an gcaoi ar láimhseáil siad sonraí an pháiste.**



**6. Sonraí Díolta: Ar díoladh na sonraí?**

*Áirítear ar na dea-chleachtais gan faisnéis phearsanta duine a roinnt, a ligean ar cíos ná a dhíol le tríú páirtithe le haghaidh gnóthachan airgeadais.*

**7.Sábháilteacht Sonraí: A shábháilte atá an táirge.**

*Cuireann dea-chleachtais sábháilteacht sonraí teorainn le hinfheictheacht faisnéise duine agus lena gcuid idirghníomhaíochtaí le daoine eile chun a gcuid folláine fhisiciúil agus mhothúchánach a chosaint.*

**8. Fógraí & Rianú: An dtaispeántar fógraí nó an ndéantar rianú?**

*Cuireann cleachtais fhreagracha fógraíochta teorainn le húsáid faisnéis phearsanta le haghaidh aon chuspóir margaíochta tríú páirtí, fógraíocht spriocdhírithe, rianaithe nó giniúna próifíle.*

**9. Toiliú Tuismitheora: An féidir le tuismitheoir nó caomhnóir toiliú a thabhairt dá leanbh?**

*I dtaca le leanaí atá 13 bliana d'aois nó níos óige, teastaíonn toiliú infhíoraithe tuismitheora nó caomhnóra sula ndéantar faisnéis phearsanta an linbh a bhailiú, a úsáid nó a thabhairt d'iarratas nó do sheirbhís.*

**10. Cuspóir Scoile: An bhfuil an táirge ann le húsáid ar scoil?**

*Ní mór do bhailiú sonraí ó dhaltaí bunscoile nó ó mhúinteoirí cloí leis na hoibleagáidí dlíthiúla maidir le príobháideachas agus slándáil na faisnéise oideachais sin.*

**'State of Kids privacy report' (2021), Common Sense Media**

Léigh an tuarascáil iomlán anseo





# CONAS...?

Fianáin a chumasú agus a dhíchumasú

Cóip chúltaca a dhéanamh de do chuid sonraí




Cuntais a dhéanamh príobháideach

Díliostáil ó fhaisnéis bailithe Google maidir le do chuid cuardach

A sheiceáil an bhfuil nasc sábháilte

# FÍRICÍ FÁNACHA

Tá os cionn 5.25 billiún úsáideoir gníomhach idirlín ann.




Tá níos mó ná 1.92 billiún láithreán gréasáin ar líne agus tá 198.4 milliún díobh sin gníomhach.

Gineann úsáideoirí idirlín thart ar 2.5 beart cuintilliún sonraí gach lá.

Gach lá próiseálann Google 8.5 billiún cuardach.

Sa lá atá inniu ann, thógfadh sé thart ar 181 milliún bliain ar dhuine na sonraí go léir a íoslódáil ón idirlíon.

Tá Éire ar cheann de na moil lárionaid sonraí is mó san Eoraip, ar a bhfuil 70 áis ag feidhmiú ar fud an stáit - agus níos mó á bhforbairt. Faoi láthair, tá 25 faoin gcéad d'ionaid sonraí go léir na hEorpa i mBaile Átha Cliath. Tá comhlachtaí móra teicneolaíochta lena n-áirítear Google, Amazon, Microsoft, agus Facebook ag úsáid ionaid sonraí in Éirinn faoi láthair.


Cliceáil ar an eochair seo chun an seicliosta seo a chomhlánú, agus féach an gcleachtann tú cibearshláinteachas maith
CYBER SQUAD
CYBER HYGIENE

# NÁ DÉAN DEARMAD A BHEITH SÁBHÁILTE AR LÍNE

## NÁ CLICEÁIL GAN SEICEÁIL

## BÍ CIBIRCHÉILLÍ





SIAR

Nuair a úsáideann tú an t-idirlíon, is féidir do ríomhaire a aithint le huimhir uathúil ar a dtugtar seoladh IP - seoladh Prótacal Idirlín.

Tá seoladh IP ar cheann de na roghanna bunúsacha chun tú a aithint ar an idirlíon agus is féidir an áit a bhfuil tú a aithint go garbh uaidh.

Is féidir é a chur i gcomparáid le seoladh poist. De ghnáth scríobhtar seoltaí IP ina sraith uimhreacha in ord ar leith. Úsáideann gléasanna a bhfuil seoltaí IP acu an prótacal idirlín chun cumarsáid a dhéanamh. Sannann an tÚdarás Sannta Uimhreacha Idirlín seoltaí IP do chlárlanna réigiúnacha idirlín (RIRanna). Sannann na RIRanna iad do Sholáthraithe Seirbhíse Idirlín. Ansin sannann Soláthraithe Seirbhíse Idirlín seoltaí IP dá gcustaiméirí. Bealach amháin chun do sheoladh IP a cheilt is ea cabhair ó bhogearraí VPN (líonra príobháideach fíorúil), a chuireann do sheoladh IP i bhfolach agus a chriptíonn do thrácht idirlín.

SIAR

Bíonn gach margóir digiteach nó díoltóir ag iarraidh a fháil amach conas a d'aimsigh a lucht féachana iad agus a láithreán gréasáin.

Má tá a fhios acu cár tháinig tú uaidh is féidir leo tú a mhealladh níos fearr. Nuair a thugann tú cuairt ar shuíomh gréasáin, aithníonn an tagróir HTTP (réimse ceanntáisc HTTP) seoladh an leathanaigh ghréasáin as ar tháinig tú. Cuireann an tagróir ceanntásc an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig an leathanach gréasáin ar a bhfuil tú. Úsáidtear an fhaisnéis sin de ghnáth chun críocha fógraíochta nó staidrimh. Mura mian leat go roinnfí an fhaisnéis sin, is féidir é sin a chasadh as. Bealach amháin chun é sin a dhéanamh is ea cabhair ó bhreisiú is féidir a chur le do bhrabhsálaí.

SIAR

Is íomhá thrédhearcach picteilín IxI é picteilín rianaithe a rianaíonn trácht gréasáin, iompar úsáideora agus níos mó. Cé go bhfuil siad cosúil le fianáin ar bhealaí áirithe, murab ionann agus fianáin, ní féidir iad a dhíchumasú. Nuair a lódálann úsáideoir an leathanach gréasáin nó nuair a osclaíonn sé an ríomhphost, lódálann an picteilín rianaithe freisin, rud a ligeann do sheoltóir an phicteilín rianaithe (freastalaí fógraí de ghnáth), a léamh agus a thaifeadadh gur lódáil an leathanach gréasáin nó gur osclaíodh an ríomhphost agus gníomhaíochtaí úsáideora den chineál céanna. Cad é an chuspóir atá leis? Léargas a fháil ar úsáideoirí le haghaidh margaíocht spriocdhírithe. Is féidir leo faisnéis a fháil maidir leis an gcóras oibriúcháin a úsáideadh, an cineál láithreán gréasáin nó ríomhphoist a úsáideadh (mar shampla leagan soghluaiste nó deisce), an t-am a léadh an ríomhphost nó ar tugadh cuairt ar an láithreán gréasáin, gníomhaíochtaí ar an láithreán gréasáin le linn seisiúin agus do sheoladh IP.

Dá bhrí sin, is féidir leo a lán sonraí a fháil faoi na húsáideoirí, i ngan fhios dóibh. Is féidir breisiú brabhsálaí a úsáid chun picteilíní rianaithe a dhéanamh infheicthe nó is féidir seachfhreastalaithe a úsáid chun cosc a chur ar íoslódáil picteilíní rianaithe.

SIAR

Is é atá i gceist le gníomhaire úsáideora líne téacs a aithníonn do fhreastalaí gréasáin leis an mbrabhsálaí agus leis an gcóras oibriúcháin.
Tá a ghníomhaire úsáideora uathúil féin ag gach brabhsálaí agus seolann do bhrabhsálaí a ghníomhaire úsáideora chuig gach suíomh gréasáin lena nascann tú.
Úsáideann an freastalaí gréasáin an fhaisnéis sin chun leathanaigh ghréasáin éagsúla a thaispeáint do bhrabhsálaithe agus do chórais oibriúcháin éagsúla (mar shampla leagan móibíleach an leathanaigh ghréasáin chuig brabhsálaí soghluaiste).
Cuireann an gníomhaire úsáideora in iúl don fhreastalaí gréasáin cén córas oibriúcháin a úsáideann tú agus is féidir leis an t-ábhar cuí a thaispeáint duit ag baint úsáid as an bhfaisnéis sin.
Bailíonn siad staitisticí brabhsálaí freisin.

SIAR

Braitheann méarlorgaireacht an bhrabhsálaí ar uathúlacht do bhrabhsálaí agus is bealach an-chruinn é chun tú a aithint gach uair a théann tú ar líne agus chun do ghníomhaíocht a rianú.

Agus iad ag baint úsáid as do bhrabhsálaí, is féidir le láithreáin ghréasáin do chóras oibriúcháin, leagan brabhsálaí, breiseáin a suiteáladh agus na leaganacha, taifeach scáileáin do chórais oibriúcháin, clónna a suiteáladh, crios ama, teanga agus faisnéis eile a chinneadh, gan cead soiléir.

Má tá fianáin díchumasaithe go hiomlán agat, is píosa sonraí eile é sin a léiríonn go bhfuil do bhrabhsálaí uathúil.

B'fhéidir nach sílfeá go bhfuil mórán i gceist leis an eolas sin ar fad, ach níl ach seans an-bheag ann go mbeadh an t-eolas brabhsálaí ceannann céanna ag úsáideoir eile agus atá agat féin.

Is dócha gurb iad na fianáin an modh is cáiliúla agus is coitianta a úsáidtear chun úsáideoirí a rianú ar fud láithreáin ghréasáin éagsúla.

Is comhaid bheaga téacs iad na fianáin a stóráiltear ar do ghléasanna ar feadh tréimhse áirithe ama tar éis duit cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin.

Is féidir leo do chuid sonraí logála isteach nó sonraí eile a úsáid a chabhraíonn le láithreán gréasáin agus a shocruithe a chur in oiriúint go sonrach duitse chun d'eispéireas brabhsála a fheabhsú.

Tugann na cinn atá fíor-riachtanach ar an láithreán gréasáin a fheidhmeanna bunúsacha a ghníomhú ionas gur féidir leat cuairt a thabhairt air.

Ach, is féidir leo sin tú a aithint freisin agus do ghníomhaíocht bhrabhsála a rianú ar láithreán gréasáin.

Is iad na fianáin a chruthaíonn fadhbanna ná na fianáin tríú páirtí nó na fianáin rianaithe a stórálann do stair bhrabhsála thar thréimhse fhada ama agus ar fud go leor leathanach.